Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8825/26**
**ADD 1**

**ENER 214**
**FISC 159**
**ECOFIN 562**
**COMPET 517**
**ENV 444**
**IND 302**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2853 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>maidir le hachoimre ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha a bhaineann le conarthaí soláthair fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2853 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 2853 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
C(2026) 2853 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le hachoimre ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha a bhaineann le conarthaí soláthair fuinnimh**

{SWD(2026) 126 final}

## IARSCRÍBHINN

### 1. Comhthéacs dlíthiúil agus beartais

*Tairiscintí sa mhargadh leictreachais*

De bhun Airteagal 11(1a) de Threoir (AE) 2019/944, tabharfar achoimre do chustaiméirí deiridh ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha sula dtabharfar aon chonradh i gcrích nó sula gcuirfear síneadh leis. Cuirfear an achoimre ar fáil shlí fheiceálach agus i bhfriotal soiléir beacht agus leagfar amach inti na cearta dá dtagraítear in Airteagal 10(3) agus (4) de Threoir (AE) 2019/944.

De bhun Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2019/944, sonrófar an méid seo a leanas sa chonradh soláthair:

(a) céannacht agus seoladh an tsoláthróra;

(b) na seirbhísí a sholáthraítear, leibhéil cáilíochta na seirbhísí a thairgtear, chomh maith leis an am don nascadh tosaigh;

(c) na cineálacha seirbhíse cothabhála a thairgtear;

(d) na bealaí inar féidir faisnéis chothrom le dáta a fháil faoi na taraifí, na muirir chothabhála uile is infheidhme agus faoi na táirgí nó seirbhísí cuachta;

(e) ré an chonartha, na coinníollacha chun an conradh agus na seirbhísí a athnuachan agus a scor, lena n-áirítear táirgí nó seirbhísí atá cuachta leis na seirbhísí sin, agus cibé an gceadaítear foirceannadh an chonartha gan aon mhuirear a íoc;

(f) aon chúiteamh agus na socruithe aisíocaíochta is infheidhme mura gcomhlíonfar na leibhéil cáilíochta seirbhíse arna gconrú, lena n-áirítear billeáil mhíchruinn nó dhéanach;

(g) an modh chun tús a chur le nós imeachta um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt i gcomhréir le hAirteagal 26;

(h) faisnéis maidir le cearta tomhaltóirí, lena n-áirítear faisnéis faoi láimhseáil gearán agus an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa mhír seo, a chuirtear in iúl go soiléir ar an mbille nó ar shuíomh gréasáin an ghnóthais leictreachais.

Thairis sin, luaitear in Airteagal 10(4) de Threoir (AE) 2019/944 go bhfuil fógra le tabhairt do chustaiméirí deiridh faoi aon rún na coinníollacha conarthacha a athrú agus go bhfuil siad le cur ar an eolas faoina gceart an conradh a fhoirceannadh nuair a thugtar an fógra. Mínítear i dTreoir (AE) 2019/944 freisin conas agus cathain atá an fógra sin le tabhairt ag soláthróirí agus cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le custaiméirí deiridh an conradh a fhoirceannadh mura nglacann siad leis na coinníollacha conarthacha nua.

De bhun Airteagal 11(1a) de Threoir (AE) 2019/944, áireofar san achoimre an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) an praghas iomlán agus a mhiondealú;

(b) míniú cé acu atá an praghas socraithe, athraitheach nó dinimiciúil;

(c) seoladh ríomhphoist an tsoláthróra agus sonraí beolíne tacaíochta do thomhaltóirí; agus

(d) i gcás inarb ábhartha, faisnéis faoi íocaíochtaí aonuaire, promóisin, seirbhísí breise agus lascainí.

*Tairiscintí sa mhargadh gáis*

Sonraítear in Airteagal 11(3) de Threoir (AE) 2024/1788 go bhfuil achoimre aonair ar na príomhchoinníollacha conarthacha le tabhairt do chustaiméirí deiridh ar shlí fheiceálach agus i bhfriotal a bheidh beacht agus simplí. Ceanglaítear leis freisin ar sholáthróirí téarmaíocht choiteann a úsáid.

## 2. Trédhearcacht a fheabhsú trí chaighdeánú

Tá teimpléid achoimre chaighdeánaithe curtha chun feidhme cheana féin ag roinnt Ballstát lena rialaítear ábhar na faisnéise réamhchonarthaí. Saintréith de chuid na dteimpléad sin is ea leagan amach caighdeánaithe gonta, in éineacht le rialacha maidir le conas an achoimre a líonadh isteach.

Tá sé tábhachtach roinnt teimpléid achoimre chaighdeánaithe a dhearadh chun na cineálacha éagsúla tairiscintí fuinnimh a chumhdach, lena n-áirítear: conradh leictreachais praghsála seasta, athraithí nó dinimiciúla; tairiscintí lena n-áirítear táirgí nó seirbhísí breise atá ceangailte nó cuachta le soláthar fuinnimh (tairiscintí cuachta); agus tairiscintí a ligeann do thomhaltóirí barrachas leictreachais a chur isteach san eangach.

Léirítear le taighde iompraíochta gur mian le tomhaltóirí tairiscintí simplithe le mínithe gearra simplí agus gur fearr leo faisnéis a bheith curtha i láthair ar bhealach caighdeánaithe, agus an struchtúr céanna á leanúint agus faisnéis fhíor-riachtanach á cur i dtábhacht, go háirithe an praghas iomlán, fad an chonartha agus na príomhthéarmaí. Is fearr a thuigeann tomhaltóirí tairiscintí má chuirtear achoimre ghonta atá inrochtana go héasca i láthair i bpointí urchair. Bíonn tionchar mór ag cineál agus méid na faisnéise, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar an fhaisnéis a cheapadh, a struchtúrú agus a chur i láthair, ar chumas tomhaltóirí rochtain a fháil uirthi, measúnú a dhéanamh uirthi agus gníomhú ina leith.

Is féidir le bosca ina gcuirtear i dtábhacht príomhchosaintí agus príomhrioscaí tomhaltóirí, a thaispeántar ar an gcéad leathanach, a bheith ina uirlis chumhachtach chun tomhaltóirí a chumhachtú. An tráth céanna, ba cheart cur chuige dhá shraith a ghlacadh, ina gcuirtear faisnéis i láthair i bhformáid shrathach. San fhormáid sin, ba cheart an fhaisnéis is tábhachtaí, amhail praghsáil, fad conartha agus foirceannadh, a thaispeáint go feiceálach ar an gcéad sraith. Ansin, ba cheart don dara sraith faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar, lena n-áirítear oibleagáidí ar sholáthróirí agus cearta tomhaltóirí, rud a chuirfidh ar a gcumas do thomhaltóirí rochtain éasca a fháil ar théarmaí a gconartha agus iad a thuiscint.

Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais custaiméirí leochaileacha, ba cheart a áireamh sa teimpléad, i gcás inarb ábhartha, faisnéis shonrach bhreise nó naisc chuig seirbhísí sóisialta. Mar shampla, i roinn ar leith den achoimre d’fhéadfaí faisnéis a sholáthar do chustaiméirí leochaileacha agus dóibh siúd a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh, lena n-áirítear coinníollacha maidir le taraifí sóisialta, lascainí agus naisc chuig seirbhísí tacaíochta breise.

Ba cheart an achoimre a choinneáil ar leithligh ó théarmaí iomlána an chonartha. Mar sin féin, nuair a thugann tomhaltóir conradh i gcrích tar éis dó an achoimre a fháil, féadfaidh an fhaisnéis sa teimpléad a bheith mar chuid de na téarmaí conarthacha. In aon chás, ba cheart tréimhse bhailíochta shoiléir a áireamh san achoimre, le dáta eisiúna agus dáta éaga araon chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis cruinn agus cothrom le dáta.

Ba cheart do na húdaráis rialála faireachán a dhéanamh ar úsáid agus éifeachtacht na hachoimre chun a áirithiú go gcomhlíonann soláthróirí agus, i gcás inarb infheidhme, idirghabhálaithe agus soláthraithe seirbhísí fuinnimh na ceanglais agus go ndéantar tomhaltóirí a chosaint go leordhóthanach. Leis an bhfaireachán sin, beifear in ann réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus coigeartuithe riachtanacha a dhéanamh ar an teimpléad, rud a chuirfidh feabhas ar eispéireas na dtomhaltóirí agus ar chosaint orthu sa mhargadh fuinnimh.

## 3. Treoirphrionsabail le haghaidh na hachoimre

*Inrochtaineacht*

Chun cuimsitheacht agus inrochtaineacht a áirithiú, ba cheart an achoimre a chur ar fáil do gach tomhaltóir ar mheán marthanach dá rogha féin, lena n-áirítear páipéar, agus ba cheart í a bheith inrochtana go buan ionas gur féidir le tomhaltóirí athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht ríthábhachtach.

Ina theannta sin, ba cheart faisnéis a thaispeáint ar bhealach so-úsáidte agus oiriúnach, agus í curtha in oiriúint do riachtanais na dtomhaltóirí. Ba cheart leaganacha digiteacha a dhearadh ar mhaithe le hidir-inoibritheacht ar ghairis agus ar bhealaí díolacháin. Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine sin a bhféadfadh rochtain theoranta a bheith acu ar acmhainní digiteacha nó ar fearr leo cumarsáid neamhdhigiteach.

Ba cheart inrochtaineacht chothrom a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas agus do thomhaltóirí a bhfuil scileanna digiteacha teoranta nó nascacht theoranta acu. Ba cheart don fhaisnéis atá san achoimre, bíodh sí i bhformáid chlóite nó leictreonach, na ceanglais inrochtaineachta ábhartha a chomhlíonadh.

*Soiléireacht*

Ní mór téarmaí agus coinníollacha conarthacha fíor-riachtanacha a chur i láthair go soiléir agus go simplí. Ba cheart faisnéis a chur i láthair in ord loighciúil so-úsáidte is féidir le custaiméirí deiridh a leanúint go héasca, agus ba cheart í a chur in iúl in abairtí gonta chun feabhas a chur ar an tuiscint agus chun dlús a chur le haisghabháil faisnéise.

Chun trédhearcacht agus cosaint tomhaltóirí a fheabhsú, d'fhéadfadh bosca 'Príomhchosaintí agus príomhrioscaí' a bheith ina chuidiú do thomhaltóirí agus d'fhéadfadh sé faisnéis fhíor-riachtanach a chumhdach amhail: (i) praghsanna agus athruithe ionchasacha ar phraghsanna, lena n-áirítear rabhadh riosca do chonarthaí praghsála athraithí nó dinimiciúla agus luaineacht ghaolmhar billí; (ii) coinníollacha maidir le foirceannadh conartha agus táillí gaolmhara; agus (iii) teagmhálacha le haghaidh cúnaimh agus réiteach díospóidí.

Meastar gur dea-chleachtas é cur chuige dhá shraith chun achoimre ar phríomhthéarmaí agus príomhchoinníollacha conarthacha a chur i láthair, toisc go soláthraítear leis formáid shoiléir atá áisiúil don tomhaltóir chun faisnéis chasta a chur i láthair.

Ina theannta sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú agus chun na margaí leictreachais agus gáis a dhéanamh níos intuigthe, ba cheart do na soláthróirí uile agus, i gcás inarb infheidhme, do na hidirghabhálaithe agus na soláthraithe seirbhíse fuinnimh uile an téarmaíocht choiteann a úsáid go comhsheasmhach i ngach cumarsáid, ábhar margaíochta, tairiscint, conradh agus bille.

Ba cheart faisnéis a sholáthar trí úsáid a bhaint as stór focal a bhfuil tuiscint fhorleathan air. Ba cheart prionsabail na teanga soiléire a úsáid, agus ba cheart gluais náisiúnta de théarmaí sainordaitheacha (mar shampla praghas seasta/athraitheach/dinimiciúil, tréimhse dílseachta,

táille foirceanta) i dteanga shoiléir a ghlacadh. Níor cheart ach na téarmaí sin a úsáid san achoimre chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht a áirithiú agus ba cheart í a scríobh ar leibhéal léitheoireachta B1-B2, rud a fhágfaidh go mbeidh rochtain ag raon leathan tomhaltóirí uirthi. I gcás nach féidir teanga theicniúil, acrainmneacha, nó béarlagair earnáilsonrach agus struchtúir abairtí chasta a sheachaint, ba cheart mínithe soiléire a chur ar fáil i ngnáth-théarmaí.

***Inléiteacht***

Ba cheart do thomhaltóirí a bheith in ann príomhghnéithe na tairisceana a thuiscint d'aon amharc agus ba cheart an achoimre a bheith chomh gearr agus is féidir.

Ba cheart faisnéis a chur i láthair trí úsáid a bhaint as abairtí gearra, agus ba cheart príomhshonraí a bheith le feiceáil go soiléir ar an gcéad leathanach. Mura féidir na príomhghnéithe uile a thaispeáint go feiceálach ar leathanach amháin, ba cheart iad a thaispeáint sa chéad chuid den achoimre ar dhá leathanach ar a mhéad. Féadfar an fad a mhéadú, mar shampla, chun an fhaisnéis a dhéanamh inrochtana do thomhaltóirí faoi mhíchumas.

Ar mhaithe le sothuigtheacht, ba cheart an fhaisnéis a bheith gonta agus curtha i láthair i gcló de chineálacha agus de mhéideanna inléite, agus ba cheart dathanna iomchuí a roghnú. Mar shampla, ba cheart faisnéis fhíor-riachtanach a aibhsiú i gclónna troma, intlisí nó leagan amach comhchosúil. Ba cheart méideanna na gclónna a bheith inléite go leordhóthanach, ag 10 bpointe ar a laghad de ghnáth, d'fhonn an fhaisnéis a bheith infheicthe nuair a fhéachtar ó chóngar uirthi. Ba cheart ceannteidil atá so-aitheanta go soiléir, spásáil iomchuí agus ailíniú iomchuí a úsáid chun codanna den achoimre a shonrú agus chun formáid tharraingteach agus eagraithe a chruthú.

Féadfar siombailí, deilbhíní nó áiseanna simplí amhairc a úsáid chun tuiscint a fheabhsú, ar choinníoll nach mbaineann siad aird den téacs nó nach laghdaíonn siad inrochtaineacht.

Ba cheart na srianta teicniúla a bhaineann le meáin áirithe, amhail scáileáin fón póca, a chur san áireamh. Ba cheart a bheith in ann an téacs a chur in oiriúint do thimpeallachtaí digiteacha éagsúla, agus é a mhéadú ar mhaithe le hinfheictheacht níos fearr ar ghairis leictreonacha.

***Inchomparáideacht***

Tá inchomparáideacht ríthábhachtach chun a chur ar chumas do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus an margadh is fearr a fhreastalaíonn ar a riachtanais agus ar a roghanna a roghnú. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart do gach soláthróir agus, i gcás inarb infheidhme, do gach idirghabhálaí agus do gach soláthraí seirbhísí fuinnimh téarmaíocht chaighdeánaithe agus achoimre chaighdeánaithe ar na príomhthéarmaí agus na príomhchoinníollacha conarthacha a úsáid i struchtúr aonfhoirmeach.

Ba cheart an achoimre a bheith ar fáil go poiblí, a thaispeáint ar shuíomh gréasáin an tsoláthróra, agus a ionchorprú in uirlisí comparáide. Ba cheart do sholáthróirí forléargas cuimsitheach ar a dtairiscintí a chur ar fáil don phobal in dhá fhormáid chomhlántacha. In éineacht le hachoimre atá inléite go héasca lena dtugtar forléargas soiléir agus intuigthe ar théarmaí agus coinníollacha na tairisceana, ba cheart do sholáthróirí comhad meaisín-inléite a fhoilsiú freisin ina mbeidh na réimsí sainordaitheacha uile, agus URL marthanach ag gabháil leis. Tríd an méid sin a dhéanamh, cumasaíonn soláthróirí uirlisí comparáide chun sonraí na tairisceana a ionghabháil agus a phróiseáil go huathoibríoch. Leis sin, déanfar formhaoirseacht rialála a chuíchóiriú freisin, rud a chuirfidh ar a gcumas d'údaráis rialála faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus anailísí margaidh a dhéanamh go héifeachtúil.

Chun rochtain éasca a thabhairt do thomhaltóirí ar na huirlisí comparáide atá ar fáil, ba cheart nasc nó cód QR le nasc chuig uirlisí comparáide neamhspleácha a léiriú go feiceálach san achoimre.

***Uainiú***

Toisc chriticiúil is ea an t-uainiú. Chun dóthain ama a thabhairt do chustaiméirí faisnéis a athbhreithniú agus a chur i gcomparáid gan bhrú, ba cheart an achoimre a sholáthar i bhfad sula mbeidh an custaiméir deiridh faoi cheangal ag aon chonradh nó tairiscint, agus freisin i gcás ina n-úsáidtear modhanna cianchumarsáide.

Ba cheart uainiú sheachadadh na hachoimre a mheas go cúramach agus a oiriúnú do bhealaí díolacháin éagsúla. Ba cheart sprioc-amanna sonracha chun an achoimre a sholáthar a shocrú ar an leibhéal náisiúnta. I gcás díolacháin ar líne, mar shampla, d'fhéadfaí an achoimre a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist ainmnithe an chustaiméara an lá céanna a iarrtar í. I gcás díolacháin teileafóin, d'fhéadfaí an achoimre a sheachadadh faoi dheireadh an lae chéanna má sheoltar trí ríomhphost í, nó laistigh de chúpla lá oibre más fearr leis an gcustaiméir í a fháil tríd an bpost. Maidir le díolacháin ó dhoras go doras, ba cheart an achoimre a chur i láthair go feiceálach don chustaiméir sula síníonn siad an conradh.

Maidir le teileamhargaíocht agus díolacháin ó dhoras go doras, tá sé thar a bheith tábhachtach trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthróirí agus, i gcás inarb infheidhme, d'idirghabhálaithe agus do sholáthraithe seirbhíse fuinnimh an achoimre a sheachadadh don chustaiméir sula bhfaighidh siad a dtoiliú leis an gconradh, agus ba cheart dóibh cruthúnas infhíoraithe ar sheachadadh a thaifeadadh freisin, lena n-áirítear an stampa ama agus an cainéal a úsáidtear.

I gcás gach conartha seacháitribh, ba cheart na custaiméirí deiridh a chur ar an eolas, trí mheán marthanach, faoina gceart chun tarraingt siar mar a leagtar amach i dTreoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. I gcásanna ina gcuirfear an achoimre ar fáil níos lú ná 24 uair an chloig sula síneofar an conradh, ba cheart a iarraidh ar sholáthróirí agus, i gcás inarb infheidhme, ar idirghabhálaithe agus ar sholáthraithe seirbhíse fuinnimh meabhrúchán gearr a sheoladh chuig an gcustaiméir, trí mheán marthanach de rogha an tomhaltóra, faoin gceart chun tarraingt siar.

## 4. Treoracha maidir le dearadh an teimpléid le haghaidh na hachoimre

Ba cheart na míreanna faisnéise seo a leanas a shonrú san achoimre:

***Aitheantas an tsoláthróra***

- Ba cheart ainm an tsoláthróra, ainm na tairisceana, lógó an tsoláthróra agus beolíne tacaíochta custaiméara/sonraí teagmhála mionsonraithe na seirbhíse do chustaiméirí a thaispeáint go feiceálach ar bharr an chéad leathanaigh.
- Ba cheart é a bheith éasca teacht ar sheoladh, seoladh ríomhphoist agus suíomh gréasáin an tsoláthróra.

[1] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lgh. 64–88, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/83/oj).

- Leis na sonraí teagmhála féadfar a léiriú freisin gur féidir foirmeacha gréasáin nó cineálacha eile teagmhála dírí a úsáid agus, i gcás inarb ábhartha, aon idirghabhálaí a shainaithint.

***Tuairisc ar an tseirbhís***

- Ba cheart ainm an táirge, an tseirbhís/na seirbhísí fuinnimh agus na príomhghnéithe (lena n-áirítear an cineál conartha), chomh maith leis an gcineál trealaimh agus/nó seirbhíse tionlacain, i gcás inarb infheidhme, a léiriú.
- Ba cheart faisnéis maidir leis an meascán fuinnimh a sholáthar. Má dhéantar an tairiscint a mhargú mar thairiscint ghlas, inbhuanaithe nó chomhchosúil, ba cheart míniú soiléir ar fhoinsiú an fhuinnimh agus an deimhniúcháin (ráthaíochtaí tionscnaimh) a chur san áireamh chun a áirithiú gur féidir leis na custaiméirí deiridh an tairiscint agus tionchar comhshaoil a rogha a thuiscint go héasca.
- I gcás inarb ábhartha, ba cheart faisnéis maidir leis na príomhtháirgí agus na príomhsheirbhísí do chustaiméirí deiridh faoi mhíchumas a thaispeáint ar bhealach iomchuí. I gcás ina bhfuil faisnéis maidir le táirgí agus seirbhísí éagsúla do chustaiméirí faoi mhíchumas fairsing agus athraitheach, féadfar a léiriú san achoimre go bhfuil an fhaisnéis mhionsonraithe sin ar fáil ar leithligh.
- Maidir le tairiscintí cuachta, ba cheart go soiléireofaí san achoimre an cineál tairisceana cuachta (mar shampla soláthar gáis agus leictreachais; soláthar fuinnimh le seirbhísí nach mbaineann le fuinneamh; agus córais stórála leictreachais a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil in éineacht le suiteálacha lena ngintear leictreachas in-athnuaite le haghaidh féintomhaltais).
- Ba cheart faisnéis shoiléir maidir le táirgí agus/nó seirbhísí atá cuachta le soláthar leictreachais nó gáis a sholáthar mar aon le míniú ar cé acu atá nó nach bhfuil siad sainordaitheach nó roghnach. An tráth céanna, ba cheart tuairisc shoiléir a thabhairt ar róil agus ar fhreagrachtaí na soláthraithe seirbhíse agus, i gcás inarb ábhartha, ar róil agus ar fhreagrachtaí na n-eintiteas éagsúil a bhfuil coinne leis go rachaidh an custaiméir deiridh i dteagmháil leo.
- Téarmaí, coinníollacha, luach saothair maidir le barrachas leictreachais a chur isteach san eangach, táillí agus nósanna imeachta is infheidhme, ba cheart iad a chur ar fáil do chustaiméirí deiridh a bhfuil baint acu cheana féin – nó atá ag smaoineamh ar pháirt a ghlacadh – i bhféintomhaltas aonair agus/nó i gcomhroinnt fuinnimh.

***Faisnéis faoi phraghsanna***

- Ba cheart míniú soiléir a thabhairt ar struchtúr na dtaraifí agus ar cé acu atá nó nach bhfuil an praghas seasta, athraitheach nó dinimiciúil.
- Ba cheart an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis maidir leis an bpraghas: (i) praghas iomlán an leictreachais nó an gháis; (ii) miondealú ar chodanna uile an chostais, i.e. soláthar, costais dáileacháin, cánacha agus tobhaigh; (iii) an praghas aonaid aonair lena n-áirítear gach muirear agus cáin; (iv) faisnéis faoi íocaíochtaí aonuaire, promóisin, seirbhísí breise agus lascainí, i gcás inarb ábhartha; agus (v) muirir sainordaitheacha, i gcás inarb ábhartha.
- Ba cheart faisnéis faoi phraghsanna in aghaidh an kWh nó $m^3$ agus an costas iomlán in aghaidh na bliana, mar aon le míniú ar an modh chun an praghas a ríomh a lua go soiléir, rud a chuirfidh ar a gcumas do na custaiméirí deiridh comparáid a dhéanamh

go héasca idir na tairiscintí faoin méid atá soláthróirí ag gearradh ar thomhaltas leictreachais nó gáis agus an táille sheasta bhliantúil.

- Ba cheart faisnéis faoin bpraghas a thaispeáint i bhformáid a chuireann ar a gcumas do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir praghsanna agus ba cheart a léiriú inti, i gcás inarb infheidhme, aon lascaine a bhfuil teorainn ama léi agus praghas an trealaimh. I gcás ina bhfuil feidhm ag praghas promóisin, ba cheart é sin a léiriú go soiléir, lena n-áirítear cá fhad atá an lascaine bailí, cé na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le lascainí (mar shampla gan athrú roimh dháta áirithe) agus an praghas iomlán gan an promóisean. I gcás inarb infheidhme, ba cheart fad agus raon feidhme aon ráthaíochta praghais, chomh maith leis na praghsanna is infheidhme tar éis don ráthaíocht sin dul in éag, a thaispeáint go soiléir.
- I gcás praghsanna dinimiciúla agus conarthaí a bhfuil comhchuid phraghais sholúbtha iontu, ba cheart a áireamh san achoimre míniú soiléir sothuigthe ar an bhfoirmle lena gcinntear an praghas, an t-innéacs lena bhfuil an fhoirmle nasctha agus an áit ar féidir leis an gcustaiméir deiridh éabhlóid na n-athruithe ar phraghsanna a leanúint chomh maith lena minicíocht. Ba cheart costais atá spleách ar thomhaltas thar an mbonnphraghas leictreachais, amhail formhuirir ar an spotphraghas margaidh, a nochtadh ar leithligh in aghaidh kWh.
- I gcás conarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla agus conarthaí a bhfuil comhchuid phraghais sholúbtha iontu, ba cheart réamh-mheastacháin chostais léiritheacha (míosúil nó bliantúil) a sholáthar do chustaiméirí deiridh, bunaithe ar luachanna tomhaiste, agus réamh-mheastacháin na soláthróirí chun a chur ar a gcumas dóibh meastachán a dhéanamh ar an mbille. Ba cheart míniú a thabhairt san achoimre ar an gcaoi a ríomhtar na réamh-mheastacháin chostais sin agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nach bhfuil an praghas socraithe agus/nó ar eolas roimh ré ionas go dtuigfidh an custaiméir deiridh na buntáistí agus na míbhuntáistí agus gur féidir leis rogha eolasach a dhéanamh. Ba cheart comparáidí léiritheacha le tairiscintí éagsúla ón soláthróir a sholáthar freisin, ionas gur féidir le tomhaltóirí measúnú níos fearr a dhéanamh ar oiriúnacht gach cineáil conartha.
- Maidir le tairiscintí leictreachais do chustaiméirí deiridh a bhfuil painéil ghréine acu, ba cheart go liostófaí san achoimre an luach saothair do chustaiméirí den sórt sin a chuireann barrachas leictreachais isteach san eangach. Ba cheart a liostú san achoimre freisin aon táille a fhorchuirtear, lena n-áirítear na costais bhunúsacha, an chaoi a ríomhtar na costais sin, na cásanna ina dtabhaítear na costais, nuair is gá na costais sin a íoc agus faisnéis ábhartha eile.

***Fad athnuachan agus foirceannadh an chonartha***

- Ba cheart faisnéis maidir le fad an chonartha a thaispeáint go feiceálach.
- Ba cheart na príomhchoinníollacha maidir le hathnuachan agus foirceannadh conartha (i ngeall ar dheireadh a ré a bheith bainte amach ag an gconradh, nó i ngeall ar fhoirceannadh luath, i gcás inarb infheidhme) a áireamh in éineacht le cé acu is féidir nó nach féidir an conradh a fhoirceannadh saor in aisce.
- I gcás custaiméirí deiridh a fhoirceannann conarthaí soláthair leictreachais ar théarma seasta agus ar phraghas socraithe go deonach roimh a n-aibíocht, ba cheart táillí foirceanta agus an fhoirmle chun an táille a ríomh a áireamh san achoimre.
- I gcás ina bhfuil tréimhse dílseachta sa tairiscint, ba cheart fad na tairisceana chomh maith leis na tairbhí agus na pionóis a bhaineann léi a lua san achoimre.

- Ba cheart téarmaí agus coinníollacha an chonartha soláthair fuinnimh a liostú ar leithligh ó théarmaí agus coinníollacha aon táirge nó seirbhíse breise, agus ba cheart miondealú ar a gcostais faoi seach, ar a dtréimhsí conarthacha agus ar aon ghealltanas téarma íosta a áireamh iontu.
- Ba cheart na coinníollacha maidir le hathruithe ar phraghsanna nó ar tharaifí le linn na tréimhse conarthaí a léiriú go soiléir.
- I gcás tairiscintí cuachta a bhfuil trealamh ina chuid díobh, ba cheart míniú soiléir gonta a thabhairt san achoimre ar conas an trealamh a thabhairt ar ais má fhoirceanntar an conradh. Ba cheart go n-áireofaí leis sin faisnéis maidir le haon táille agus pionós is infheidhme.

***Seirbhísí, éilimh agus cearta tomhaltóirí***

- Ba cheart a lua san achoimre na modhanna trínar féidir faisnéis a fháil maidir le taraifí agus táirgí nó seirbhísí cuachta (idirlíon, teileafón, etc.).
- Ba cheart faisnéis faoin dáta billeála, faoin minicíocht billeála agus faoi roghanna an mhodha íocaíochta a áireamh.
- Ba cheart míniú soiléir sothuigthe a áireamh ar na leigheasanna atá ar fáil le haghaidh briseadh sa soláthar nó teipeanna cáilíochta seirbhíse, lena n-áirítear billeáil mhíchruinn nó mhoillithe, chomh maith leis na socruithe cúitimh agus aisíocaíochta.
- Ba cheart faisnéis a sholáthar maidir le seirbhísí an tsoláthróra, láimhseáil gearán ag an soláthróir (lena n-áirítear an sprioc-am chun na gearáin a fhreagairt) agus aon chúiteamh atá ar fáil do thomhaltóirí.
- Ba cheart a áireamh san achoimre faisnéis maidir leis na costais a ghearrann an soláthróir i gcás neamhíocaíochta. I gcás díospóid idir an soláthróir agus an custaiméir deiridh, ba cheart a mhíniú san achoimre freisin gur féidir an chuid sin den bhille nach bhfuil faoi dhíospóid a íoc, agus an chuid sin amháin, fad atá an díospóid á réiteach.
- Ba cheart míniú gairid a thabhairt ar an nós imeachta um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt, agus ar conas nós imeachta den sórt sin a thionscnamh.
- Ba cheart faisnéis a sholáthar maidir leis an áit ar féidir le tomhaltóirí cuidiú agus comhairle a fháil (mar shampla, sonraí teagmhála na n-údarás rialála agus na n-eagraíochtaí tomhaltóirí) agus an áit a bhfoilsítear sonraí iomlána chearta na dtomhaltóirí (mar shampla, ar shuíomh gréasáin an tsoláthróra).

***Faisnéis ábhartha eile***

- Ba cheart faisnéis a sholáthar maidir le seirbhísí breise, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus teagmhálacha tiomnaithe atá ar fáil do chustaiméirí leochaileacha agus dóibh siúd a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh. D’fhéadfaí a áireamh leis sin mionsonraí maidir le taraifí sóisialta, lascainí agus cineálacha eile tacaíochta, chomh maith le treoraíocht maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí sin.
- D’fhéadfadh cearta nó oibleagáidí sonracha tomhaltóirí faoin dlí náisiúnta a áireamh i réimsí faisnéise roghnacha.
- I gcás inarb infheidhme, ba cheart a léiriú san achoimre an bhfuil leaganacha breise teanga nó aistriúcháin bhreise ar fáil.